M 17AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

## SPÁINNIS

**TRIAIL CHLOSTUISCEANA - GNÁTHLEIBHÉAL**
**(100 marc)**

AN MHÁIRT, 22 MEITHEAMH – MAIDIN, 12.10 - 12.50

| | |
|---|---|
| **UIMHIR IONAID** | |
| **UIMHIR IARRTHÓRA** | |

**N.B. DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN**

| ROINN | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **IOMLÁN** | |

**TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ**

Mura bhféadann tú an téip a chlos go soiléir, ardaigh do lámh anois chun a chur in iúl don bhFeitheoir nach mór athchóiriú a dhéanamh ar an bhfuaim. Ní ceart duit cur isteach ar imeachtaí na trialach féin. Seacht roinn atá sa triail: fógra amháin, dhá chomhrá, dhá shliocht thuairisciúla, tuairisc ar an aimsir agus blúire nuachta amháin.
Cloisfidh tú gach roinn acu trí bhabhta.

**N.B. Ní mór gach ceist a fhreagairt i nGaeilge.**

**1. ANUNCIO:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**LA PELÍCULA *WINDTALKERS***
(AN SCANNÁN *WINDTALKERS*)

*(a)* Rinne an tUasal Woo, Stiúrthóir *Windtalkers,* dhá scannán an-cháiliúla eile. Ainmnigh ceann amháin díobh i nGaeilge.

……………………………………………………………………………………………………

*(b)* Cén obair a rinne roinnt Indiach Navajo i rith an Dara Cogadh Domhanda? (Tabhair sampla amháin).

……………………………………………………………………………………………………

* SOS

*(c)* Ainmnigh cineál amháin scannáin ar mhaith leis an Uasal Woo é a dhéanamh sa todhchaí.

……………………………………………………………………………………………………

**2. DIÁLOGO:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**ENTREVISTA CON LA REDACTORA DE UNA REVISTA ESCOLAR**
(AGALLAMH LE hEAGARTHÓIR IRIS SCOILE)

*(a)* Luaigh dhá shaghas gné-ailt a bhíonn san iris.

(i)……………………………………………(ii)……………………………………………

*(b)* Cén Bhliain sa scoil atá freagrach den chuid is mó as an iris a chur amach?

……………………………………………………………………………………………………

* SOS

*(c)* Seachas ailt a scríobh, ainmnigh saghas amháin eile oibre a mbíonn ar an Eagarthóir agus ar a foireann é a dhéanamh.

……………………………………………………………………………………………………

*(d)* Cén fáth a dtaitníonn a post leis an eagarthóir? (Tabhair cúis amháin.)

……………………………………………………………………………………………………

**3. DIÁLOGO:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**UN CENTRO DE IDIOMAS PARA PÁRVULOS**
(SCOIL THEANGA DO PHÁISTÍ AN-ÓGA)

*(a)* Cé na haoiseanna atá ag na páistí a fhoghlaimíonn Béarla sa scoil seo?

Idir……………………..……………..……….agus ………………………………………

*(b)* Cad a tharlaíonn má labhraíonn an mháthair i mBéarla agus sa Spáinnis lena páiste?

**Cuir tic leis an bhfreagra ceart:**

- ☐ Foghlaimíonn an páiste an dá theanga go maith.
- ☐ Foghlaimíonn an páiste teanga amháin níos fearr ná an ceann eile.
- ☐ Cuirtear an páiste amú.

* SOS

*(c)* Luaigh slí amháin ina bhfoghlaimíonn páistí óga teanga.

…………………………………………………………...……………………….……………..

*(d)* Cad is féidir le tuismitheoirí na bpáistí a dhéanamh?

…………………………………………………………...……………………….……………..

**4. DESCRIPTIVO:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**EL NIÑO CON EL ÁNGEL DE LA GUARDA**
(AN PÁISTE LEIS AN AINGEAL COIMHDEACHTA)

*(a)* Cathain a tharla an eachtra seo?

………………..……………………………………………………………………………

*(b)* Cad a bhí ar siúl ag an bpáiste sular thit sé den bhalcóin?

……………………………………………………………………………………..

* SOS

*(c)* Cén chuid dá chorp ar cuireadh na greamanna ann?
**Cuir tic leis an bhfreagra ceart:**

- ☐ A cheann.
- ☐ A chos.
- ☐ A uilinn.

*(d)* Cá fhad a raibh ar a mháthair fanacht sa leaba?

……………………………………………………………………………………..

**5. DESCRIPTIVO:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**LA MAREA NEGRA VUELVE A GALICIA**
(FILLEANN AN LEO OLA AR GALICIA)

*(a)* Cé mhéad de chósta na Spáinne atá faoi thionchar an leo ola?
**Cuir tic leis an bhfreagra ceart:**

☐ 4100 ciliméadar

☐ 1500 ciliméadar

☐ 4500 ciliméadar

*(b)* Conas a bhí an aimsir?

……………………..……………………………………………………………………………

* SOS

*(c)* Ainmnigh dream <u>amháin</u> daoine atá ag iarraidh an cósta a ghlanadh.

……………………..……………………………………………………………………………

**6. EL TIEMPO:** Casfar é seo **trí huaire** ó thosach deireadh. Beidh <u>sos AMHÁIN 40 soicind tar éis an DARA léamh</u>.

*(a)* Cuir tic le **<u>dhá</u>** cheann de na réigiúin seo a leanas a mbeidh ceathanna iontu. (Tabhair faoi deara nach bhfuil ach **<u>dhá</u>** fhreagra ceart.)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Andalucía | ☐ | Galicia | ☐ |
| Aragón | ☐ | Cantabria | ☐ |
| Valencia | ☐ | Cataluña | ☐ |

*(b)* Cén chuid den Spáinn a mbeidh <u>báisteach éadrom</u> ann Dé Céadaoin? **Cuir tic leis an bhfreagra ceart:**

☐ an tuaisceart ☐ an t-iarthuaisceart ☐ an t-oirthuaisceart

*(c)* Cén cineál aimsire a bheidh ann ag an deireadh seachtaine sa chuid is mó den tír?

………………..……….………………………….……………………………………

**7.** **UNA NOTICIA:** Casfar é seo **trí huaire**: ó thosach deireadh an chéad uair, ansin ina dhá mhír le sos 40 soicind tar éis gach míre díobh agus ansin ó thosach deireadh arís.

**UN COCHE ROBADO**
(CARR A GOIDEADH)

*(a)* Cén fáth ar fhág Cristina Alonso inneall an chairr ar siúl fad is a bhí an fhístéip á tabhairt ar ais aici?
**Cuir tic leis an bhfreagra ceart:**
Mar

☐ Seancharr a bhí ann.

☐ Bhí deifir uirthi.

☐ Lá an-fhuar a bhí ann.

*(b)* Cad a bhí ar siúl ag an gcailín beag nuair a goideadh an carr?

……………………………………………………………………………………………………..

* SOS

*(c)* Conas a fuarthas María? (Tabhair sonra amháin.)

…………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

CRÍOCH NA TRIALACH CLOSTUISCEANA